**M.40T**

**AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA**

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2000

# EOLAÍOCHT TALMHAÍOCHTA - ARDLEIBHÉAL

DÉ CÉADAOIN, 14 MEITHEAMH - IARNÓIN 2.00 - 4.30

**SÉ CHEIST LE FREAGAIRT**

## SÉ CHEIST LE FREAGAIRT

**1.** Freagair **sé cinn** díobh seo leanas:

(a) Luaigh dhá shaintréith a chabhraíonn chun speiceas féir a aithint.

(b) Abair cá bhfuil siad seo leanas suite i gcorp ainmhí;
speirm, faireog thíoróideach, liathán, drólann.

(c) Ainmnigh dhá chothaitheach mhianracha atá ar fáil tar éis lobhadh ábhair orgánaigh san ithir.

(d) Abair cén fíleam a mbaineann gach ceann díobh seo leis:
péist talún, aifid, puchán ae, *Babesia*.

(e) Tarraing léaráid, le lipéid, chun na codanna seo den mhúscán aráin *Mucor* a léiriú:
mícéiliam, spóragán, hifé.

(f) Ainmnigh na codanna den bhláth a dhéanann: (i) an chailís, (ii) an coróinín.

(g) Mínigh cad is brí le bailscóráil ba.

(h) Luaigh dhá shaintréith de phodsal.

(i) Mínigh cén chaoi a chabhraíonn uainíocht na mbarr le srianadh fiailí i gcuraíocht.

(j) Déan cur síos ar na saintréithe atá ag talamh bán sealadach.

**(60 marc)**

**2.** (a) Mínigh cén chaoi a dtéann uigeacht agus comhdhéanamh ithreach i gcionn ar chomh minic agus is gá aol a chur air.

(b) Déan cur síos ar thriail saotharlainne chun teacht ar pH ithreach. Mínigh cén chaoi a n-ardaíonn aol pH ithreach.

(c) Déan cur síos ar an difríocht idir nítriúchán agus dí-nítriúchán.

**(48 marc)**

**3.** (a) Déan cur síos ar na cleachtais a úsáidtear i ndeábhainistíocht talamh féaraigh chun iad seo leanas a bhaint amach: (i) srianadh fiailí (ii) táirgeadh ard ar bháinseach féir.

(b) Luaigh na príomhthosca a théann i gcionn ar mhéid agus ar mhianach na n-ábhar bia a thugtar d'ainmhí feirme ainmnithe.

(c) Ainmnigh ceithre phríomh-chomhábhar in ábhar bia ainmnithe agus déan cur síos ar an bhfeidhm atá le gach aon cheann de na comhábhair sin.

**(48 marc)**

**NÓ**

**3.** (a) Scríobh nótaí ar **dhá cheann** díobh seo leanas;

(i) na príomhthosca a chuireann le bás laonna ar fheirm.
(ii) clár bia do na ba nuair atá siad seasc
(iii) cúram d'uan nuabheirthe.

(b) Mínigh mar a athraíonn nósanna fáis agus táirgeadh féarach ar bháinseach féir sa séasúr fáis.

(c) Luaigh na príomhchleachtais bhainistíochta a leantar chun bunú maith a chinntiú tar éis athshíolú féarach.

**(48 marc)**

**4.** Déan cur síos ar <u>mhodh saotharlainne</u> a úsáidtear chun teacht ar eolas faoi aon **dá cheann** díobh seo leanas:

(i) ról péisteanna talún san ithir,
(ii) ról amaláise i ndíleá stáirse,
(iii) an éifeacht atá le breiseán i bhféar sadhlais,
(iv) laisteadh mianraí cothaitheach san ithir.

**(48 marc)**

**5**. (a) Déan cur síos, le cabhair léaráide le lipéid, ar an ngnáthbhealach a théann bia in ainmhí athchogantach le linn dileáite.

(b) Déan cur síos ar na riachtanais maidir le hithir agus le cothú i dtáirgeadh barr fréimhe nó gráin ainmnithe.

(c) Mínigh mar a théann bainistíocht agus tosca timpeallachta i gcionn ar fhás agus ar fhorbairt muc **nó** caorach i bhfiontar go bhfuil taithí agat air.

**(48 marc)**

**6.** (a) Mínigh cén fáth go bhfuil tréithe maithe coirp inmhianaithe i stoc nua síolraithe i bhfiontar ainmhí feirme ainmnithe.

(b) Mínigh cén chaoi a gcabhraíonn innilt smachtaithe chun cáilíocht talaimh bháin a chaomhnú.

(c) Tabhair trí chúis le go mbíonn go leor den bharrr ina luí i gcás barr gráin ainmnithe.

**(48 marc)**

**7.** (a) Mínigh gach ceann díobh seo leanas: feinitíopa, aischrosáil, ailléil.

(b) Mínigh cén fáth gur roghnaigh Mendel plandaí pise sna trialacha ar an oidhreacht a rinne sé.

(c) Bain úsáid as léaráid le lipéid chun an difríocht idir miotóis agus meóis a léiriú.

(d) In arbhar Indiach, tá dhá thréith cheannasacha sa síol, gráinne mín (K) agus inspeirm stáirseach (S). Déantar planda atá homaisigeach ceannasach sa dá thréith, a chrosáil le planda atá heitrisigeach sa dá thréith. Abair cad iad feinitíopa agus géinitíopa na síolta ar phlanda a d'fhás as an gcrosáil sin.

**(48 marc)**

**8.** Freagair **dhá cheann** díobh seo leanas:

(a) Agus úsáid á baint as léaráid le lipéid déan comparáid agus codarsnacht idir ghasanna monacotailéadónacha agus gasanna déchotailéadónacha.

(b) Leag amach triail chun comparáid a dhéanamh idir ráta fáis i bplandaí biatas siúcra in áiteanna éagsúla i bpáirc.

(c) Mínigh mar a thaispeáinfeá i saotharlann an tionchar atá ag easpa dúile mianraí ar fhás planda.

**(48 marc)**

**9**. Tabhair míniú ar **ceithre cinn** díobh seo leanas:

(a) Go dteipeann ar phlanda stairse a tháirgeadh in atmaisféar atá lán de nítrigin.

(b) Mar a chailleann ainmhithe feirme níos mó fuinnimh ag maireachtáil amuigh le linn an gheimhridh i gcomparáid leo siúd atá faoi dhíon.

(c) Éagsúlacht airde i maoschlár páirce i rith na bliana.

(d) Gan ach beagán puchán ae ar bheithigh ag innilt ar fhéarach a bhfuil draenáil mhaith déanta air.

(e) Ráta íseal trasghalaithe as plandaí in aimsir thais.

**(48 marc)**